'Tá mé féin agus Daidí ag gabháil ag siopadóireacht,' arsa Mamaí le Gearóid tráthnóna amháin.
'An dtiocfaidh tú in éineacht linn?'

An Gúm

# Ná lig dóibh éalú!

Séideán Sí



Leagan Connachtach

Gobnait Uí Chonchubhair
Peter Donnelly a mhaisigh

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár

Caibidil 1 4

Caibidil 2 8

Caibidil 3 14

Caibidil 4 22

Caibidil 5 36

## Caibidil 1

'Tá mé féin agus Daidí ag gabháil ag siopadóireacht,' arsa Mamaí le Gearóid tráthnóna amháin.

'An dtiocfaidh tú in éineacht linn?'

'Tiocfaidh,' arsa Gearóid. 'Caithfidh mé airgead a tharraingt as mo chuntas in Oifig an Phoist.'

Bhreathnaigh Daidí ar an gclog.

'Gabh i leith uait, mar sin,' ar seisean. 'Dúnann Oifig an Phoist ag a cúig.'






'Is dóigh go mbeidh tusa
scaitheamh in Oifig an Phoist,'
arsa Mamaí le Gearóid.
'Feicfidh muid sa gcaife thú.'
Bhí dúil ag Mamaí i gcupán caife.

## Caibidil 2

Bhí an-lear daoine in Oifig an Phoist nuair a chuaigh Gearóid isteach.



Ní raibh sé i bhfad istigh nó gur oscail an doras. Isteach le beirt fhear a raibh púicíní orthu. Bhí gunna ag fear acu.

'Síos libh ar an urlár,' arsa fear an ghunna. 'Agus ná bíodh cor asaibh!'

Suas leis an bhfear eile chuig an gcuntar.

'Tabhair dom an t-airgead ar fad atá sa taisceadán,' ar seisean de bhéic leis an máistir poist, 'nó is duitse is measa!'



Bhí a chroí ina bhéal ag an máistir poist. An fear bocht!

Thóg sé an t-airgead amach as an taisceadán agus shín sé chuig an ngadaí é.

Rug an gadaí ar an airgead agus shac sé isteach ina mhála é.



Ansin amach an doras leis féin agus lena chomrádaí de rite reaite.

## Caibidil 3

'Céard a chuir moill ort?' a d'fhiafraigh Mamaí de Ghearóid. 'Cheap muid gur ag robáil Oifig an Phoist a bhí tú!' arsa Daidí. 'Ach tá dath an bháis ort,' arsa Mamaí. 'Suigh síos ansin agus bíodh cupán tae agat.'

'Fan go gcloise sibh céard a tharla,' arsa Gearóid tar éis scaithimh agus d'inis sé an scéal dóibh ó thús deireadh.

'Chuile sheans gur gunna bréige a bhí acu,' arsa Daidí.

'Ní cheapfainn é,' arsa Gearóid.

'Go sábhála Dia sinn!' arsa Mamaí.

'D'fhéadfaidís daoine a bheith maraithe acu!'

Agus é ar a bhealach amach as an gcaife chonaic Gearóid fear ag brú an tseanchairr a bhí feicthe níos túisce aige.

'Tá mé siúráilte go bhfuil an bheirt sin feicthe agam in áit éicint cheana,' arsa Gearóid leis féin.

'A Dhaidí! A Mhamaí! Tá mé ag ceapadh gurb in iad na gadaithe,' arsa Gearóid agus é ag teannadh leis an seancharr. 'Bhí púicíní orthu ach aithním iad, mar sin féin.' 'Más in iad iad,' arsa Mamaí, 'b'fhearr dúinn a ghabháil ag caint leis na Gardaí.'

## Caibidil 4

D'inis Gearóid a scéal do na Gardaí. 'Sin iad na gadaithe,' arsa Gearóid leo agus é ag síneadh a mhéire chuig an seancharr.

Díreach ansin lig Mamaí béic aisti.

'Tá na gadaithe ag éalú,' ar sise.
'Breathnaigh! Tá siad ag éalú!'



Bhí na gadaithe ag éalú ceart go leor. Rith na Gardaí go dtí a gcarr féin.



'Ná lig dóibh éalú,' arsa Gearóid.
'Ná lig dóibh éalú!'

Ach bhí sé ródheireanach!




Faoin am seo bhí na gadaithe ag imeacht síos an bóthar de rite reaite.

'Tá siad ag éalú,' arsa Gearóid go dobrónach.

'Ach aire duit!' arsa Daidí.

'Céard sa diabhal atá ag tarlú?'

Bhí leoraí mór tar éis stopadh i lár an bhóthair. Ní raibh na gadaithe in ann a ghabháil thar an leoraí.

D'éirigh na gadaithe amach as an gcarr de léim.

Síos an buaile leo de rite reaite agus na Gardaí ina ndiaidh.

Ní raibh sé i bhfad nó go raibh an bheirt ghadaithe tógtha ag na Gardaí.

# Caibidil 5

Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí Gearóid in Oifig an Phoist arís.

'A Ghearóid,' arsa an máistir poist nuair a chonaic sé é ag teacht isteach. 'Bhí mé ag faire amach duit. Tá bronntanas anseo agam duit.'

Agus shín sé bosca mór chuig Gearóid.

'Céard atá ann?' a d'fhiafraigh Gearóid de.

'Feicfidh tú nuair a osclóidh tú é!' arsa an máistir poist. 'Ach tá mé siúráilte go dtaitneoidh sé thar cionn leat.'

04 LDPE
09-10 MIN
CoLibrì COVER SYSTEM
Made in Italy
09-10 MIN